**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**HSE National Immunisation Office**
**www.hse.ie/flu**

Meán Fómhair 2024

**Maidir le: Vacsaín shrónach fliú do dhaltaí i mBunscoileanna**

A Thuismitheoir nó A Chaomhnóir, a chara,

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoin vacsaín shrónach fliú. Léigh an t-eolas, le do thoil, comhlánaigh an fhoirm toilithe agus seol ar ais sa chlúdach litreach atá curtha ar fáil.

Moltar an vacsaín fliú do gach leanbh 2-17 mbliana d'aois. I mbliana tá an vacsaín fliú á thairiscint ar scoil ag foirne vacsaínithe FSS do leanaí bhunscoile. Fluenz a thugtar ar an vacsaín atá á tairiscint do do leanbh. Is vacsaín shábháilte agus éifeachtach í a thugtar mar sprae sróine.

**Na nithe a gheobhaidh tú leis an litir seo**

- Eolas faoin vacsaín agus cén galar atá á chosc. Léigh an fhaisnéis seo go cúramach agus bain úsáid aisti chun na vacsaíní a phlé le do leanbh.
- Foirm thoilithe le haghaidh vacsaínithe.
    - Comhlánaigh foirm thoilithe, le do thoil.
    - Seol an fhoirm seo ar ais sa chlúdach litreach a cuireadh ar fáil sula gcuirfear tús leis na vacsaínithe.
    - Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus go síneoidh an tuismitheoir nó an caomhnóir í.

**Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe**

Ar an lá vacsaínithe, cinntigh go ndéanann do pháiste an méid seo a leanas:

- Itheann sé nó sí bricfeasta
- Tugann sé nó sí a c(h)árta taifid imdhíonta/pas imdhíonta leis nó léi chun na scoile, má tá a leithéid aige nó aici.

Déan teagmháil le foireann vacsaínithe FSS le do thoil roimh vacsaíniú a fháil do do leanbh má thagann aon athrú ar shláinte do linbh.

Má thoiligh tú le vacsaíniú do linbh, cuir do vacsaíneoir ar an eolas roimh dháta an vacsaínithe má tá feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas:

- má bhí cógais frithvíreasacha fliú acu sna 48 uair an chloig sula bhfuil a vacsaín dlite, níor chóir dóibh an vacsaín a fháil.
- má tá géarú asma ar do leanbh, lena n-áirítear méadú ar chársán agus/nó má bhí gá le hanálóirí breise sna 72 uair an chloig roimhe sin, níor chóir do do leanbh an vacsaín fliú sróine a fháil.
- má tá dáileog den vacsaín fliú faighte acu óna nDochtúir Ginearálta nó Cógaiseoir ó comhlánaíodh an fhoirm toilithe.

- má tá do leanbh tinn le fiabhras tobann (ba chóir moill a chur ar vacsaíniú go dtí go dtiocfaidh biseach air/uirthi).

Tabhair cuairt ar www.hse.ie/flu chun tuilleadh eolais a fháil faoin vacsaín seo agus chun sonraí teagmhála fhoireann vacsaínithe FSS a fháil.

Le meas,

Dr. Lucy Jessop
Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta, An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447

Mura bhfuair do leanbh vacsaín fliú riamh roimhe seo agus má tá sé/sí faoi bhun 9 mbliana d'aois, b'fhéidir go mbeadh an dara dáileog den vacsaín fliú ag teastáil uaidh/uaithi má tá aon cheann de na fadhbanna sláinte seo a leanas orthu:

- Galar croí ainsealach
- Galar ae ainsealach
- Galar néarógach ainsealach
- Cliseadh duánach ainsealach
- Galar riospráide ainsealach (fiobróis chisteach agus asma measartha nó trom san áireamh)
- Diabetes mellitus
- Aon fhadhb shláinte a fhágann nach féidir leo anáil a tharraingt go héasca (e.g. gortú chorda an dromlaigh, neamhord taoma, nó neamhord néaramhatánach eile)
- Siondróm Down
- Ailse
- Sochtadh imdhíonachta mar gheall ar ghalar nó cóir leighis, easpa liatháin (asplenia) nó feidhm laghdaithe liatháin (hyposplenism) san áireamh
- Neamhoird néarafhorbartha, idir mheasartha agus throm, amhail pairilis cheirbreach agus míchumas intleachtúil

Is féidir le cleachtais DG nó cógaiseoirí rannpháirteacha an dara dáileog den vacsaín LAIV a thabhairt do do leanbh saor in aisce 4 seachtaine ar a laghad tar éis an chéad dáileog. Chun níos mó eolais a fháil téigh chuig www.hse.ie/flu.